



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

19 Nollaig 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Dleachtanna máil – Treoir 2008/118/CE – Airteagal 36(1) – Earraí máil i mBallstát eile a cheannach ar líne – Iompar ag iompróir arna mholadh ag an díoltóir – Reachtaíocht náisiúnta faoina meastar an díoltóir a bheith faoi réir dleacht mháil atá inmhuirearaithe sa Bhallstát cinn scríbe)

I gCás C-596/23 [Pohjanri]ⁱ,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Helsingin hallinto-oikeus (an Chúirt Riaracháin, Heilsincí, an Fhionlainn), trí bhreith an 26 Meán Fómhair 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 26 Meán Fómhair 2023, sna himeachtaí arna dtionscnamh ag

B UG,

idiragraí:

Veronsaajien oikeudenvalvontayksikkö,

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta de C. Lycourgos, Uachtarán an Tríú Dlísheomra, ag feidhmiú mar Uachtarán an Ceathrú Dlísheomra, S. Rodin (Rapóirtéir) agus O. Spineanu-Matei, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: P. Pikamäe,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

- B UG, ag P. Snell, oikeustieteen kandidaatti,
- Rialtas na Fionlainne, ag H. Leppo, i gcáil Gníomhaire,
- an Coimisiún Eorpach, ag M. Björkland agus I. Söderlund, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 26 Meán Fómhair 2024,

* Teanga an cháis: an Fhionlainnis.

ⁱ Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhóirainm aon pháirtí sna himeachtaí.

an breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 36(1) de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO 2009 L 9, lch. 12).
- 2 Rinneadh an iarraidh seo i gcaingean le haghaidh neamhniú cinnidh riaracháin lenar fhorchur Verohallinto (Údarás fioscach, an Fhionlainn) ar B UG, cuideachta Ghearmánach, dleachtanna máil a íoc ar alcól agus ar dheochanna alcólacha agus fineáil chánach EUR 1 645,83 san iomlán.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

Treoir 2008/118

- 3 Cé gur aisghaireadh é, le héifeacht ón 13 Feabhra 2023, le Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO 2020 L 58, lch. 4), tá forálacha Threoir 2008/118 infheidhme i bhfianaise dháta fhíorais an cháis sna príomhimeachtaí.
- 4 I gCaibidil II de Threoir 2008/118, dar teideal ‘Inmhuirireacht, aisíocaíocht, díolúine ó dhleacht mháil’, áirítear Airteagal 7(1) den Treoir sin, a leagadh amach mar a leanas:

‘Tiocfaidh dleacht mháil chun bheith inmhuirearaithe tráth, agus sa Bhallstát, a scaoilfear earraí lena dtomhailt.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 5 I gCaibidil V den Treoir sin, dar teideal ‘Gluaiseacht agus cánachas earraí máil tar éis iad a scaoileadh lena dtomhailt’, bhí Airteagal 32(1), dar teideal ‘Fáil ag daoine príobháideacha’, inar foráladh:

‘Ní dhéanfar dleacht mháil ar earraí máil a gheobhaidh duine aonair phríobháideach dá úsáid nó dá húsáid féin, agus a iompróidh sé ó Bhallstát amháin go Ballstát eile, a mhuirearú ach amháin sa Bhallstát ina bhfaighfear na hearraí máil.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 6 I gCaibidil V, bhí Airteagal 36(1) agus (3) de Threoir 2008/118, dar teideal ‘Ciandíol’, lena bhforáiltear, an méid seo a leanas:

‘1. I gcás earraí máil a scaoileadh cheana lena dtomhailt i mBallstát agus a cheannóidh duine, seachas coimeádaí údaráithe stórais nó coinsíní cláraithe atá bunaithe i mBallstát eile agus nach bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch neamhspleách á déanamh aige, agus a sheoltar nó a

iompraítear i mBallstát eile go díreach nó go hindíreach ag an díoltóir nó thar a cheann, beidh siad faoi réir dleacht mháil sa Bhallstát cinn scríbe.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallóidh ‘Ballstát cinn scríbe’ Ballstát teachta na coinsíneachta nó an iompair.

2. Sa chás dá dtagraítear i mír 1, beidh an dleacht mháil inmhuipearaithe sa Bhallstát cinn scríbe tráth a ndéanfar na hearraí máil a seachadadh. Is iad na coinníollacha inmhuipearachta agus an ráta dleachta máil a chuirfear i bhfeidhm iad siúd a bheidh i bhfeidhm ar an dáta a dtiocfaidh an dleacht chun bheith inmhuipearaithe.

Íocfar an dleacht mháil i gcomhréir leis an nós imeachta arna leagan síos ag an mBallstát cinn scríbe.

3. Is é an díoltóir an duine a bheidh faoi dhliteanas an dleacht mháil a íoc sa Bhallstát cinn scríbe.

Mar sin féin, féadfaidh an Ballstát cinn scríbe foráil a dhéanamh gurb é an duine atá faoi dhliteanas i leith íocaíochta ionadaí cánach atá bunaithe sa Bhallstát cinn scríbe agus atá formheasta ag údaráis inniúla an Bhallstáit sin nó, i gcás nár chomhlíon an díoltóir mír 4(a), coinsíní na n-earraí máil.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 92/12/CEE

- 7 Foráiltear le Airteagal 10(1) agus (2) de Threoir 92/12/CEE ón gComhairle an 25 Feabhra 1992 maidir le comhshocruithe ginearálta i gcomhair earraí máil agus maidir le hearraí den sórt sin a stóráil agus a aistriú agus maidir le faireachán a dhéanamh orthu (IO 1992 L 76, lch. 1):

‘1. Beidh earraí máil a cheannóidh daoine nach coimeádaithe údaráithe stórais, oibreoirí cláraithe nó oibreoirí neamhchláraithe iad agus a sheolfaidh nó a iompróidh an díoltóir go díreach nó go hindíreach nó ar a chuntas féin faoi réir dleacht mháil sa Bhallstát cinn scríbe. Chun críocha an Airteagail seo, ciallóidh an Ballstát cinn scríbe, an Ballstát inar tháinig an seoladh nó an t-iompar an Ballstát cinn scríbe.

2. Chuige sin, beidh inmhuipearacht dleachta máil ar na hearraí sin sa Bhallstát cinn scríbe mar thoradh ar sholáthar earraí máil a scaoileadh cheana lena dtomhailt i mBallstát as a n-eascraíonn seoladh nó iompar na hearraí sin chuig duine dá dtagraítear i mír 1 atá bunaithe i mBallstát eile agus a sheolann nó a iompraíonn an díoltóir go díreach nó go hindíreach nó ar a chuntas féin.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Fionlainne

- 8 Rinneadh Treoir 2008/118 a thrasú san Fhionlainn leis an valmisteveryotuslaki (182/2010) (an Dlí maidir le dleacht mháil (182/2010)) (‘an Dlí maidir le dleacht mháil’). Sna príomhimeachtaí, tá feidhm ag an leagan den dlí sin a bhí i bhfeidhm in 2020.

- 9 De réir an dara mír d’Airteagal 1 den Dlí maidir le dleacht mháil, tá feidhm ag an Dlí sin maidir le dleacht mháil a ghearradh, *inter alia*, ar an alcól agus ar dheochanna alcólacha, mura ndéantar foráil dá mhalairt i ndlí maidir le dleacht mháil shonrach.
- 10 Chun críocha an Dlí maidir le dleacht mháil, sainmhínítear ‘ciandíol’ in Airteagal 6(11), mar dhíol faoina gceannaíonn duine nach coimeádaí údaraithe stórais ná coinsíní atá cláraithe nó atá cláraithe go sealadach, atá bunaithe san Fhionlainn agus nach seolann gníomhaíocht eacnamaíoch neamhspleách, i mBallstát eile, earraí máil, arna scaoileadh lena dtomhailt, agus a sheoltar nó a iompraítear chuig an bhFionlainn go díreach nó go hindíreach ó chian ag an díoltóir nó thar a cheann.
- 11 Foráiltear sa chéad mhír d’Airteagal 72 den Dlí maidir le dleacht mháil nach mbeidh dleacht mháil inmhuirearaithe ar earraí a scaoiltear lena dtomhailt i mBallstát eile a cheannaíonn duine aonair príobháideach dá úsáid féin arna n-iompar chuig an bhFionlainn aige féin.
- 12 Foráiltear le hAirteagal 74(1) den Dlí sin, i gcás ina bhfaigheann duine aonair príobháideach, ar bhealach seachas an bealach dá dtagraítear in Airteagal 72 den Dlí céanna nó trí bhíthin ciandíola, earraí máil ó Bhallstát dá úsáid féin agus ina ndéanann duine aonair príobháideach eile nó oibritheoir gairmiúil na hearraí sin a iompar chuig an bhFionlainn, beidh an ceannaitheoir aonair faoi réir dleacht mháil. Luaitear san fhoráil sin go mbeidh aon duine a raibh baint aige le hiompar na n-earraí sin nó lena stóráil san Fhionlainn, faoi dhliteanas freisin an dleacht mháil a bheidh iníoctha ag an duine aonair príobháideach a fuair na hearraí máil a íoc amhail gurbh é a fhiach féin é.
- 13 Sonraítear sa chéad mhír d’Airteagal 79 den Dlí maidir le dleacht mháil, gearrfar dleacht mháil ar earraí a dhíoltar san Fhionlainn trí mheán an chiandíola. Foráiltear leis an dara mír d’Airteagal 79 den Dlí sin go mbeidh an ciandíoltóir faoi dhliteanas i leith na ndleachtanna sin agus, má tá ionadaí cánach ag an gciandíoltóir, go mbeidh an t-ionadaí cánach sin faoi dhliteanas i leith na ndleachtanna sin in ionad an chiandíoltóra, agus go gceanglófar ar an gciandíoltóir an dleacht mháil atá dlite ag an ionadaí cánach a íoc amhail is dá mba é a fhiach féin é. Foráiltear leis an tríú mír d’Airteagal 79 den Dlí sin go dtiocfaidh dleacht mháil chun bheith inmhuirearaithe nuair a sheachadfar na hearraí máil ar an bhFionlainn, agus an dleacht sin iníoctha i gcomhréir leis na forálacha atá i bhfeidhm ar lá an tseachadta.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceistanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

- 14 Bhí suíomh gréasáin á reáchtáil ag an gcuideachta B UG, a bhí ar fáil san Fhionlainnis freisin, trína raibh a custaiméirí in ann deochanna alcólacha ísealnirt nó an-alcólach de bhrandaí éagsúla, a cheannach.
- 15 An 20 Aibreán 2020, d’urghabh údaráis chustaim na Fionlainne coinsíneacht deochanna alcólacha a dhíol B UG le duine príobháideach a raibh cónaí air san Fhionlainn agus a seoladh ón nGearmáin chuig an duine príobháideach sin. Is ar bhonn Airteagal 103 den Dlí maidir le dleacht mháil a urghabhadh na deochanna atá i gceist chun a fháil amach ar cuireadh forálacha an Dlí sin i bhfeidhm nuair a allmhairíodh iad.

- 16 D'iarr an t-údarás fioscach ar an gceannaitheoir mínithe a thabhairt dó maidir leis an gcaoi a ndearnadh an t-ordú agus maidir leis an gcaoi ar eagraíodh iompar na ndeochanna sin chuig an bhFionlainn.
- 17 De réir na mínithe a chuir an ceannaitheoir sin ar fáil an 25 Meitheamh 2020, nuair a rinneadh an t-ordú ar shuíomh gréasáin B UG, tháinig fógra aníos le haghaidh seirbhísí iompair chuideachtaí X, Y agus Z. Le linn an cheannaigh, tugadh meáchan iomlán na dtáirgí a ordaíodh agus praghas an iompair cothrom le dáta gach uair a cuireadh deochanna leis an ordú. I ndiaidh íocaíocht a bheith déanta ar phraghas na ndeochanna, tháinig meabhrúchán maidir le hiompar a eagrú aníos ar shuíomh gréasáin B UG. Sa mheabhrúchán sin, de réir an cheannaitheora sin, bhí naisc lena seoladh go díreach chuig suíomhanna gréasáin na soláthróirí iompair. Roghnaigh an ceannaitheoir céanna Cuideachta X chun na deochanna a d'ordaigh sé a iompar. Trí chliceáil ar nasc dar teideal 'X' i siopa ar líne B UG, atreoraíodh é chuig suíomh gréasáin X. Ar an suíomh sin, chuir sé isteach a chuid sonraí, ach níor thug sé eolas ar bith maidir lena ordú. D'íoc sé an last-táille go díreach le cuideachta X ar a shuíomh gréasáin.
- 18 Tháinig na húdaráis chánach dhá ghabháil scáileáin de leathanaigh ó shuíomh gréasáin B UG, leathanach amháin, dar dáta an 16 Meitheamh 2020, ina raibh teoracha maidir leis an modh seachadta agus leathanach eile, dar dáta an 24 Meitheamh 2020, ina raibh na téarmaí seachadta. Is léir ó na gabhálacha scáileáin sin nach n-eagraíonn B UG féin iompar na dtáirgí a mhargaíonn sé, ach go dtugann sé deis dá chustaiméirí a n-orduithe a bhaint ó stóras sa Ghearmáin nó iompróir a roghnú chun na críche sin, agus luaitear roinnt iompróirí ina leith sin ar shuíomh gréasáin B UG. Thairis sin, ba léir ó na gabhálacha scáileáin sin gur chuir an chuideachta sin in iúl dá cuid custaiméirí gur ghá dóibh cáin a íoc san Fhionlainn.
- 19 Le cinneadh an 21 Lúnasa 2020, ghearr an t-údarás fioscach ar B UG, i leith na ndeochanna alcólacha arna ngabháil an 20 Aibreán 2020, dleacht mháil ar alcól agus ar dheochanna alcólacha agus fineáil chánach dar luach EUR 1 645.83 san iomlán a íoc. Mheas sí go ndearna an chuideachta sin nó go ndearna duine atá ag gníomhú thar a ceann na deochanna alcólacha lena mbaineann a sheoladh nó a iompar go díreach nó go hindíreach chuig an bhFionlainn agus, dá bhrí sin, gur ghníomhaigh an chuideachta sin mar chiandíoltóir agus go raibh sí faoi dhliteanas dleacht mháil a íoc san Fhionlainn.
- 20 Thug B UG achomharc i gcoinne an chinnidh sin os comhair an údaráis fhioscaigh. Le cinneadh an 1 Meitheamh 2021, dhiúltaigh an t-údarás fioscach don achomharc sin.
- 21 Thug B UG caingean os comhair Helsingin hallinto-oikeus (an Chúirt Riaracháin, Heilsincí, an Fhionlainn), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, i gcoinne chinneadh an údaráis chánach an 1 Meitheamh 2021, ag iarraidh go ndéanfaí an cinneadh sin agus na dleachtanna máil go léir ar alcól agus ar dheochanna alcólacha a forchuireadh air a chur ar neamhní.
- 22 Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an raibh B UG páirteach in iompar na ndeochanna alcólacha a dhíol sé trína shuíomh gréasáin sa chaoi nach mór a mheas go bhfuil sé faoi réir dleacht mháil san Fhionlainn mar chiandíoltóir na ndeochanna sin. Sonraíonn sí, gur cheannaigh an duine a fuair iad sa Ghearmáin dá úsáid féin agus gur íoc sé na costais a bhain leis na deochanna sin a iompar go díreach chuig cuideachta iompair X.
- 23 Deir an chúirt sin nach gcumasaítear í, le cásdlí na Cúirte, a chinneadh cén chaoi is ceart léiriú a dhéanamh ar an bhfrása 'a sheoltar nó a iompraítear i mBallstát eile go díreach nó go hindíreach ag an díoltóir nó thar a cheann' arna úsáid in Airteagal 36(1) de Threoir 2008/118.

- 24 Measann an chúirt sin gur gá, sa chás os a comhair, a mheas, nach mór di a mheas ar ghlac B UG páirt in iompar na ndeochanna atá i gceist chuig Ballstát eile go díreach nó go hindíreach de réir bhrí Airteagal 36(1) de Threoir 2008/118, ós rud é go luaitear gnóthais iompair éagsúla ar shuíomh gréasáin na cuideachta sin agus go dtugtar faisnéis maidir leis an gcostas iompair atá le híoc ag na ceannaitheoirí. Thairis sin, tugann an chúirt sin faoi deara go raibh naisc ar an suíomh gréasáin sin le suíomhanna gréasáin na ngnóthas iompair atá luaite agus, tar éis don cheannaitheoir cliceáil ar an nasc a chomhfhreagraíonn do cheann de na gnóthais sin, go ndearnadh faisnéis faoi na hearraí atá le hiompar a tharchur go huathoibríoch chuig suíomh gréasáin an ghnóthais iompair arna roghnú ó shuíomh gréasáin an díoltóra.
- 25 Sa chomhthéacs seo, chinn Helsingin hallinto-oikeus (an Chúirt Riaracháin, Heilsincí) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:
- ‘1) An gcuirtear cosc le Treoir 2008/118/CE, go háirithe Airteagal 36 di maidir le ciandíol, ar léiriú ar [na forálacha dlí náisiúnta ábhartha] ar dá réir a mheastar go bhfuil díoltóir earraí atá faoi réir dleacht mháil atá bunaithe i mBallstát eile páirteach sna hearraí sin a iompar chuig an mBallstát cinn scríbe agus go bhfuil sé faoi réir dleacht mháil ar chiandíolacháin sa Bhallstát cinn scríbe ar an aon chúis dtugann an díoltóir, ar a shuíomh gréasáin, treoir don cheannaitheoir cuideachta iompair faoi leith a úsáid?
- 2) An ndearna an díoltóir earraí atá faoi réir dleacht mháil earraí a sheoladh nó a iompar chuig Ballstát eile go díreach nó go hindíreach de réir bhrí Airteagal 36(1) de Threoir 2008/118/CE agus an raibh sé faoi réir dleacht mháil ar chiandíolacháin de réir bhrí na Treorach más rud é gur moladh cuideachtaí áirithe iompair ar shuíomh gréasáin an díoltóra agus gur tugadh faisnéis ar an suíomh faoi na costais iompair don cheannaitheoir agus gur cuideachta iompair dár seoladh an fhaisnéis faoi na hearraí a bhí le hiompar a ghearr na chostais iompair gan aon rud a bheith déanta ag an gceannaitheoir? An bhfuil an fíoras gur thug an ceannaitheoir conradh ar leithligh le haghaidh earraí a iompar leis an gcuideachta iompair a luadh ar shuíomh gréasáin an díoltóra ábhartha chun an cheist sin a mheas?’

Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

- 26 Lena ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú, arb iomchuí iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 36(1) de Threoir 2008/118 a léiriú sa chaoi, sna cásanna a chumhdaítear leis an bhforáil sin, nach mór earraí máil a mheas mar earraí ‘a sheoltar nó a iompraítear i mBallstát eile go díreach nó go hindíreach ag an díoltóir nó thar a cheann’, ionas go mbeidh an díoltóir sin faoi dhliteanas dleacht mháil a íoc sa Bhallstát eile sin, i gcás ina ngníomhaíonn sé ar bhealach a threoróidh rogha an cheannaitheora maidir leis an gcuideachta atá freagrach as na hearraí sin a sheoladh agus/nó a iompar trí úsáid cuideachtaí áirithe a d’fhéadfaí a chur de chúram orthu a mholadh agus a éascú.
- 27 I gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Threoir 2008/118, tiocfaidh dleacht mháil chun bheith inmhuirearaithe tráth a scaoilfear í lena tomhailt agus sa Bhallstát ina scaoilfear í lena tomhailt.
- 28 É sin ráite, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 31 dá Thuairim, baineann forálacha Chaibidil V de Threoir 2008/118 le cásanna ina raibh sé, tar éis táirge atá faoi réir dleacht mháil a scaoileadh lena thomhailt, ina ábhar do ghluaiseacht laistigh den Aontas Eorpach. Faoi réir na gcásanna sonracha dá dtagraítear in Airteagal 32 den Treoir sin,

comhlíonann na forálacha sin an ceanglas chun a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabal an chríochachais fhioscaigh, ar dá réir nach mór dleacht mháil a íoc i dtír an tomhaltais iarbhrí, agus chun cánachas dubailte a sheachaint ar an earra lena mbaineann.

- 29 Áirítear ar na forálacha sin Airteagal 36 den Treoir sin.
- 30 I gcomhréir le mír 1 den airteagal sin, a thagraíonn do chiandíol, maidir le hearraí máil a scaoileadh cheana lena dtomhailt i mBallstát agus a cheannóidh duine, seachas coimeadaí údaráithe stórais nó coinsíní cláraithe atá bunaithe i mBallstát eile agus nach bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch neamhspleách á déanamh aige, agus a sheolann nó a iompraíonn an díoltóir go díreach nó go hindíreach chuig Ballstát eile nó a sheoltar nó a iompraítear thar ceann an díoltóra go díreach nó go hindíreach, beidh siad faoi réir dleacht mháil sa Bhallstát cinn scríbe.
- 31 Sa chás seo, féachann an chúirt a rinne an tarchur lena chinneadh an ionann an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí agus ciandíol arb é an ghné ar leith de go ndearna an díoltóir na hearraí lena mbaineann ‘a sheoltar nó a iompraítear i mBallstát eile go díreach nó go hindíreach ag an díoltóir nó thar a cheann’ de réir bhrí Airteagal 36(1).
- 32 I ndáil leis sin, is léir ón iarraidh ar réamhrialú gur mhol suíomh gréasáin B UG, atá ar fáil san Fhionlainnis freisin, do cheannaitheoirí deochanna alcólacha a mhargaítear ar an suíomh gréasáin sin cuideachtaí iompair a shainaithnítear ar an suíomh gréasáin sin. Ina theannta sin, cuireadh faisnéis ar fáil ar an suíomh gréasáin sin maidir leis na costais iompair a bhí le híoc ag an gceannaitheoir a chinn ceann de na cuideachtaí sin a úsáid agus bhí nasc ann chuig suíomh gréasáin gach ceann de na cuideachtaí sin, a ndearnadh, a luaithe a ghníomhachtaigh an ceannaitheoir ceann de na naisc sin, faisnéis faoi na táirgí atá le hiompar a tharchur chuige gan idirghabháil an cheannaitheora sin.
- 33 Sna himthosca sin, faoi réir na seiceálacha atá le déanamh ag an gcúirt a rinne an tarchur, gníomhaíonn an díoltóir ar bhealach a threoraíonn rogha an cheannaitheora maidir leis an gcuideachta atá freagrach as na hearraí a ceannaíodh ar a shuíomh gréasáin a sheoladh agus/nó a iompar.
- 34 I gcás ina ngníomhaíonn an díoltóir ar an mbealach sin, ní mór a mheas go bhfuil baint indíreach aige le seoladh agus/nó iompar na n-earraí máil chuig an mBallstát cinn scríbe agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé faoi dhliteanas dleacht mháil a íoc sa Bhallstát sin, faoi na rialacha a leagtar amach in Airteagal 36 (1) go (3) de Threoir 2008/118.
- 35 Mar is léir, go háirithe, ó úsáid an fhocail ‘go hindíreach’ in Airteagal 36(1) den Treoir sin, dréachtaíodh an fhoráil sin ar bhealach lena gcumhdaítear ní hamháin an cás ina ndéanann an díoltóir féin an tseirbhís iompair agus/nó seolta, ach cásanna eile freisin, lena n-áirítear i gcás ina n-ordaíonn an díoltóir an seoladh agus/nó an t-iompar go hindíreach trí rogha a thairiscint don tomhaltóir idir coinsíneoirí agus/nó iompróirí, rud a mholann sé.
- 36 Dá bhrí sin, léirítear go soiléir leis an bhforáil sin go bhfuil níos mó spéise ag reachtóir an Aontais i gcineál oibiachtúil na n-idirbheart ná atá aige san fhoirm dhlíthiúil a thugtar dóibh (féach, chuige sin, maidir le hAirteagal 10(2) de Threoir 92/12, a raibh a ábhar cosúil le hábhar Airteagal 36(1) de Threoir 2008/118, breithiúnas an 2 Aibreán 1998, *EMU Tabac agus páirtithe eile*, C-296/95, EU:C:1998:152, mír 46).

- 37 Tugann sé sin le tuiscint, mar a chuir an tAbhcóide Ginearálta in iúl i mír 43 dá Thuairim, nach mór an nath ‘a sheoltar nó a iompraítear i mBallstát eile go díreach nó go hindíreach ag an díoltóir nó thar a cheann’ a léiriú ar bhealach a léiríonn íocaíocht dleachta máil fíornádúr eacnamaíoch an idirbhirt, agus aon fhoirmiúlacht á fágáil ar leataobh.
- 38 Dá bhrí sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 65 dá Thuairim, ní bhaineann sé le hábhar go bhfuil dhá chonradh ar leith tugtha i gcrích ag an gceannaitheoir, ceann acu leis an díoltóir agus an ceann eile leis an gcuideachta iompair, chun a mheas an dtagann an ciandíolachán atá i gceist faoin gcás dá dtagraítear in Airteagal 36(1) de Threoir 2008/118.
- 39 I bhfianaise na mbarúlacha go léir roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú ná nach mór Airteagal 36(1) de Threoir 2008/118 a léiriú sa chaoi, sna cásanna a chumhdaítear leis an bhforáil sin, nach mór earraí máil a mheas mar earraí ‘a sheoltar nó a iompraítear i mBallstát eile go díreach nó go hindíreach ag an díoltóir nó thar a cheann’, ionas go mbeidh an díoltóir sin faoi dhliteanas dleacht mháil a íoc sa Bhallstát eile sin, i gcás ina ngníomhaíonn sé ar bhealach a threoróidh rogha an cheannaitheora maidir leis an gcuideachta atá freagrach as na hearraí sin a sheoladh agus/nó a iompar trí úsáid cuideachtaí áirithe a d’fhéadfaí a chur de chúram orthu a mholadh agus a éascú.

Costais

- 40 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 36(1) de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

sna cásanna a chumhdaítear leis an bhforáil sin, ní mór earraí máil a mheas mar earraí ‘a sheoltar nó a iompraítear i mBallstát eile go díreach nó go hindíreach ag an díoltóir nó thar a cheann’, ionas go mbeidh an díoltóir sin faoi dhliteanas dleacht mháil a íoc sa Bhallstát eile sin, i gcás ina ngníomhaíonn sé ar bhealach a threoróidh rogha an cheannaitheora maidir leis an gcuideachta atá freagrach as na hearraí sin a sheoladh agus/nó a iompar trí úsáid cuideachtaí áirithe a d’fhéadfaí a chur de chúram orthu a mholadh agus a éascú.

Sínithe